Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Meán Fómhair 2025 (OR. en)**

**12460/25**
**ADD 4**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0809 (NLE)**

**COLAC 137**
**POLCOM 221**
**SERVICES 53**
**FDI 48**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 3 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe maidir le Comhpháirtíocht Straitéiseach Pholaitiúil, Eacnamaíoch agus Chomhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo, den pháirt eile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 809 annex.

---

Faoi iamh: COM(2025) 809 annex

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 3.9.2025
COM(2025) 809 final

ANNEX 1 – PART 4/4

# IARSCRÍBHINN

***a ghabhann leis an***

**Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe maidir le Comhpháirtíocht Straitéiseach Pholaitiúil, Eacnamaíoch agus Chomhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo, den pháirt eile**

CUID IV[1]

FORÁLACHA INSTITIÚIDEACHA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA

CAIBIDIL 1

CREAT INSTITIÚIDEACH

AIRTEAGAL 1.1

Cruinniú Mullaigh

1. Is ar leibhéal an Chruinnithe Mullaigh a bheidh an leibhéal is airde idirphlé pholaitiúil agus beartais idir na Páirtithe. Tionólfar cruinnithe mullaigh ar bhonn débhliantúil nó mar a chomhaontófar go frithpháirteach.

2. Leis an gcruinniú mullaigh soláthrófar treoraíocht fhoriomlán le haghaidh na comhpháirtíochta straitéisí idir na Páirtithe agus le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe seo agus soláthrófar fóram chun aon ábhar déthaobhach, réigiúnach, dé- réigiúnach nó idirnáisiúnta a phlé, ar ábhar leasa choitinn é.

---

[1] I gcás ina bhfuil tagairt d’airteagal eile i bhforáil ach nach sonraítear an Chuid den Chomhaontú seo ina bhfuil an t-airteagal dá dtagraítear, is le haghaidh Chuid IV den Chomhaontú a bheidh an t-airteagal sin beartaithe

AIRTEAGAL 1.2

Comhairle Chomhpháirteach

1. Bunaítear Comhairle Chomhpháirteach leis seo. Déanfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach na nithe seo a leanas:

(a) formhaoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh chuspóirí an Chomhaontaithe seo;

(b) maoirseacht a dhéanamh ar oibriú agus ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe seo;

(c) scrúdú a dhéanamh ar aon ábhar a thiocfaidh chun cinn faoi chuimsiú an Chomhaontaithe seo; agus

(d) aghaidh a thabhairt ar aon saincheist dhéthaobhach nó idirnáisiúnta eile ar ábhar leasa choitinn é.

2. Tiocfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach le chéile ag eatraimh thráthrialta, go débhliantúil nó mar a chomhaontófar go frithpháirteach.

3. Beidh an Chomhairle Chomhpháirteach comhdhéanta d’ionadaithe ó na Páirtithe ar an leibhéal aireachta, i gcomhréir le socruithe inmheánacha na bPáirtithe ábhartha agus ag cur san áireamh na hábhair shonracha nach mór aghaidh a thabhairt orthu ag aon cheann de na cruinnithe. Tiocfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach le chéile sna cumraíochtaí uile is gá, trí chomhaontú frithpháirteach.

4. Bunóidh an Chomhairle Chomhpháirteach a rialacha nós imeachta féin, agus rialacha nós imeachta an Chomhchoiste.

5. Beidh ionadaí ón Aontas Eorpach agus ionadaí ó Mheicsiceo ina gcomhchathaoirligh ar an gComhairle Chomhpháirteach, i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos ina rialacha nós imeachta.

6. Beidh an chumhacht ag an gComhairle Chomhpháirteach cinntí agus moltaí a ghlacadh, de réir mar is iomchuí, de réir mar a fhoráiltear sa Chomhaontú seo. Faoi raon feidhme Chodanna I, II, IV den Chomhaontú seo, beidh an chumhacht ag an gComhairle Chomhpháirteach freisin cinntí agus moltaí a ghlacadh arna gcomhaontú go frithpháirteach ar bhealach eile ag na Páirtithe. Beidh na cinntí sin ina gceangal ar na Páirtithe, agus déanfaidh na Páirtithe sin na bearta uile is gá chun iad a chur chun feidhme.

7. Beidh an chumhacht ag an gComhairle Chomhpháirteach an Comhaontú seo a leasú más rud é go ndéantar foráil maidir lena leithéid i gcomhréir le mír 2 d’Airteagal 2.4 (Leasuithe).

8. Glacfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach cinntí agus moltaí trí thoiliú idir na Páirtithe i gcomhréir lena rialacha nós imeachta, tar éis a nósanna imeachta inmheánacha faoi seach a thabhairt chun críche, ar nósanna imeachta iad is gá chun na cinntí agus na moltaí sin a ghlacadh. Beidh na cinntí sin ina gceangal ar na Páirtithe, agus déanfaidh na Páirtithe sin na bearta uile is gá chun iad a chur chun feidhme.

9. Féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach aon cheann dá feidhmeanna a tharmligean chuig an gComhchoiste, lena n- áirítear an chumhacht chun cinntí ceangailteacha a dhéanamh.

AIRTEAGAL 1.3

Comhchoiste

1. Bunaítear Comhchoiste leis seo. Tabharfaidh an Comhchoiste cúnamh don Chomhairle Chomhpháirteach le feidhmiú a feidhmeanna.

2. Beidh an Comhchoiste freagrach as cur chun feidhme ginearálta an Chomhaontaithe seo, lena n- áirítear idirphlé earnála a shainiú agus maoirseacht a dhéanamh air.

3. Ullmhóidh an Comhchoiste cruinnithe na Comhairle Comhpháirtí.

4. Beidh an Comhchoiste comhdhéanta d'ionadaithe ó na Páirtithe ar leibhéal na n- oifigeach sinsearach nó arna n- ainmniú ar shlí eile ag na Páirtithe agus déanfar na hábhair shonracha nach mór aghaidh a thabhairt orthu ag aon cheann de na cruinnithe a chur san áireamh.

5. Tiocfaidh an Comhchoiste le chéile i gcumraíocht shonrach chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair uile a bhaineann le Cuid III den Chomhaontú seo. Nuair a thabharfaidh an Comhchoiste aghaidh ar aon cheann de na hábhair sin, beidh sé comhdhéanta d'ionadaithe ó na Páirtithe a bhfuil freagracht orthu as cúrsaí trádála agus infheistíochta, mar a fhoráiltear in Airteagal 1.8 (Feidhmeanna Sonracha an Chomhchoiste) de Chuid III den Chomhaontú seo.

6. Beidh ionadaí ón Aontas Eorpach agus ionadaí ó Mheicsiceo ina gcomhchathaoirligh ar an gComhchoiste.

7. Tiocfaidh an Comhchoiste le chéile mar a comhaontaíodh go frithpháirteach, ar dháta agus le clár oibre arna gcomhaontú roimh ré ag na Páirtithe, sa Bhruiséil agus i gCathair Mheicsiceo gach re seal. Féadfar cruinnithe speisialta a thionól, trí chomhaontú frithpháirteach, arna iarraidh sin do Pháirtí. Féadtar cruinnithe a reáchtáil ar aon mhodh teicneolaíochta a bheidh ar fáil do na Páirtithe freisin.

8. Beidh an chumhacht ag an gComhchoiste cinntí agus moltaí a ghlacadh sna cásanna dá bhforáiltear sa Chomhaontú seo nó i réimsí ina bhfuil cumhachtaí tarmligthe chuige ag an gComhairle Chomhpháirteach. Glacfar na cinntí agus na moltaí trí thoiliú idir na Páirtithe i gcomhréir lena rialacha nós imeachta, tar éis a nósanna imeachta inmheánacha faoi seach a thabhairt chun críche, ar nósanna imeachta iad is gá chun na cinntí agus na moltaí sin a ghlacadh. Beidh na cinntí sin ina gceangal ar na Páirtithe, agus déanfaidh na Páirtithe sin na bearta uile is gá chun iad a chur chun feidhme.

## AIRTEAGAL 1.4

## Fochoistí agus Comhlachtaí Eile

1. Féadfaidh an Comhchoiste, más gá agus ar bhonn *ad hoc*, Fochoistí nó comhlachtaí eile a bhunú chun cúnamh a thabhairt dó le feidhmiú a fheidhmeanna agus chun aghaidh a thabhairt ar chúraimí nó ábhair shonracha. Féadfaidh sí na cúraimí a shanntar di a athrú nó aon fhochoiste nó comhlacht eile arna mbunú chun na gcríoch sin a dhíscaoileadh.

2. Glacfaidh an Comhchoiste rialacha nós imeachta lena gcinnfear comhdhéanamh, dualgais agus feidhmiú na bhFochoistí agus na gcomhlachtaí eile.

3. Mura bhforáiltear dá mhalairt sa Chomhaontú seo nó mura gcomhaontófar a leithéid idir na Páirtithe, tiocfaidh na Fochoistí agus na comhlachtaí eile le chéile de réir mar is gá nó arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí nó don Chomhchoiste. Reáchtálfar na cruinnithe agus an lucht freastail i láthair go pearsanta nó ar aon mhodh teicneolaíochta atá ar fáil do na Páirtithe. I gcás ina mbeidh lucht freastail na gcruinnithe i láthair go pearsanta, reáchtálfar na cruinnithe sa Bhruiséil agus i gCathair Mheicsiceo gach re seal.

4. Beidh ionadaí ón Aontas Eorpach agus ionadaí ó Mheicsiceo ina gcomhchathaoirligh ar na Fochoistí agus ar na comhlachtaí eile.

5. Tuairisceoidh na Fochoistí agus na comhlachtaí eile ar a ngníomhaíochtaí don Chomhchoiste.

6. Le bunú aon cheann de na Fochoistí nó de na comhlachtaí eile, ní chuirfear cosc ar cheachtar Páirtí aon ábhar a thabhairt go díreach os comhair an Chomhchoiste.

7. Bunaítear leis seo Fochoiste um Fhorbairt agus um Chomhar Idirnáisiúnta chun comhordú agus maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme gníomhaíochtaí comhair sna réimsí dá dtagraítear i gCuid II den Chomhaontú. Tabharfaidh sé cúnamh don Chomhchoiste le feidhmiú a fheidhmeanna maidir leis na hábhair sin.

8. Bunaítear leis seo Fochoiste in aghaidh Éilliú sa Trádáil agus san Infheistíocht chun críocha Airteagal 23 den Phrótacal maidir leis an Éilliú a Chosc agus a Chomhrac.

9. I dteannta fhorálacha an Airteagail seo, maidir le hoibriú na bhFochoistí agus na gcomhlachtaí eile a bhunaítear le hAirteagal 1.10 (Fochoistí agus Comhlachtaí Eile de Chuid III den Chomhaontú seo) de Chuid III den Chomhaontú seo, déanfar é a rialú le Cuid III den Chomhaontú seo agus tuairisceoidh na Fochoistí don Chomhchoiste le linn dó teacht le chéile ina chumraíocht trádála.

AIRTEAGAL 1.5

An Comhchoiste Parlaiminteach

1. Bunaítear Comhchoiste Parlaiminteach leis seo. Is fóram a bheidh sa Chomhchoiste Parlaiminteach chun teacht le chéile agus tuairimí a mhalartú agus caidreamh níos dlúithe a chothú.

2. Beidh an Comhchoiste Parlaiminteach comhdhéanta d’Fheisirí Pharlaimint na hEorpa agus Chomhdháil Mheicsiceo.

3. Beidh ionadaí ó Pharlaimint na hEorpa agus ionadaí ó Chomhdháil Mheicsiceo ina gcomhchathaoirligh ar an gComhchoiste Parlaiminteach.

4. Tiocfaidh an Comhchoiste Parlaiminteach le chéile sa Bhruiséil agus i gCathair Mheicsiceo gach re seal ar eatraimh a chinnfidh sé féin.

5. Féadfaidh an Comhchoiste Parlaiminteach a rialacha nós imeachta féin a bhunú.

6. Cuirfear an Comhchoiste Parlaiminteach ar an eolas faoi chinntí agus faoi mholtaí na Comhairle Comhpháirtí nó, i gcás ina dtarmligtear iad, faoi chinntí agus faoi mholtaí an Chomhchoiste. Féadfaidh an Comhchoiste Parlaiminteach faisnéis ábhartha a iarraidh i ndáil le hábhair atá ábhartha maidir leis an gComhaontú seo.

7. Féadfaidh an Comhchoiste Parlaiminteach moltaí a chur faoi bhráid na Comhairle Comhpháirtí.

AIRTEAGAL 1.6

Gaolmhaireacht leis an tSochaí Shibhialta

Rachaidh na Páirtithe i gcomhairle leis an tsochaí shibhialta i ndáil le hábhair atá ábhartha maidir leis an gComhaontú seo, go háirithe tríd an idirghníomhaíocht leis na Grúpaí Comhairleacha Baile agus le Fóram na Sochaí Sibhialta dá dtagraítear in Airteagal 1.7 (Grúpaí Comhairleacha Baile) agus Airteagal 1.8 (Fóram na Sochaí Sibhialta).

AIRTEAGAL 1.7

Grúpaí Comhairleacha Baile

1. Ainmneoidh gach Páirtí Grúpa Comhairleach Baile amháin nó níos mó laistigh de 1 bhliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

2. Tabharfaidh an Grúpa Comhairleach Baile comhairle don Pháirtí lena mbaineann maidir le hábhair a chumhdaítear leis an gComhaontú seo. Má ainmnítear níos mó ná Grúpa Comhairleach Baile amháin, ní thabharfaidh níos mó ná Grúpa Comhairleach Baile amháin aghaidh ar gach Cuid den Chomhaontú.

3. Má ainmnítear níos mó ná Grúpa Comhairleach Baile amháin, d'fhéadfadh sé go mbeadh comhaltaí difriúla i ngach Grúpa Comhairleach Baile ach beidh ionadaíocht chothrom iontu ar eagraíochtaí neamhspleácha sochaí sibhialta, lena n- áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha, eagraíochtaí gnó agus ceardchumainn atá gníomhach maidir le cúrsaí eacnamaíocha, forbairt inbhuanaithe, cúrsaí sóisialta, cearta an duine, cúrsaí comhshaoil agus maidir le hábhair eile.

4. Féadfaidh an Grúpa Comhairleach Baile teacht le chéile i bhfoirmíochtaí éagsúla chun plé a dhéanamh ar ábhair atá ábhartha maidir le Codanna éagsúla den Chomhaontú seo.

5. Tiocfaidh gach Páirtí agus a Ghrúpa(í) Comhairleach(a) Baile le chéile 1 uair amháin sa bhliain ar a laghad. Breithneoidh gach Páirtí tuairimí nó moltaí a chuirfidh a Ghrúpa(í) Comhairleach(a) Baile faoina bhráid i ndáil le hábhair atá ábhartha maidir leis an gComhaontú seo.

6. Chun feasacht an phobail ar an nGrúpa nó ar na Grúpaí Comhairleach(a) Baile a chur chun cinn, foilseoidh gach Páirtí liosta na n- eagraíochtaí atá rannpháirteach sa Ghrúpa nó sna Grúpaí sin chomh maith le pointe teagmhála le haghaidh gach Grúpa Chomhairligh Baile.

7. Spreagfaidh na Páirtithe a nGrúpaí Comhairleacha Baile faoi seach chun idirghníomhaíocht a dhéanamh lena chéile.

AIRTEAGAL 1.8

Fóram na Sochaí Sibhialta

1. Éascóidh na Páirtithe eagrú Fhóram Sochaí Sibhialta le rannpháirtithe ó na Páirtithe chun idirphlé poiblí a dhéanamh i ndáil le hábhair atá ábhartha maidir leis an gComhaontú seo.

2. Tiocfaidh Fóram na Sochaí Sibhialta le chéile i gcomhar le cruinniú an Chomhchoiste, lena n- áirítear nuair a thiocfaidh an Comhchoiste le chéile ina gcumraíocht trádála. Féadfaidh na Páirtithe rannpháirtíocht i bhFóram na Sochaí Sibhialta a éascú trí mhodhanna teicneolaíocha freisin.

3. Beidh Fóram na Sochaí Sibhialta oscailte do rannpháirtíocht eagraíochtaí neamhspleácha sochaí sibhialta atá bunaithe i gcríocha na bPáirtithe, lena n- áirítear comhaltaí de gach Grúpa Comhairleach Baile dá dtagraítear in Airteagal 1.7 (Grúpaí Comhairleacha Baile). Déanfaidh na Páirtithe ionadaíocht chothrom ar eagraíochtaí neamhspleácha sochaí sibhialta a chur chun cinn, lena n- áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha, eagraíochtaí gnó agus ceardchumainn atá gníomhach maidir le cúrsaí eacnamaíocha, forbairt inbhuanaithe, cúrsaí sóisialta, cearta an duine, cúrsaí comhshaoil agus maidir le hábhair eile.

4. Ionadaithe na bPáirtithe a bheidh rannpháirteach sa Chomhchoiste, féadfaidh siad páirt a ghlacadh, de réir mar is iomchuí, i seisiún de chruinniú Fhóram na Sochaí Sibhialta chun faisnéis maidir le hábhair a bhaineann le feidhmiú an Chomhaontaithe seo a chur i láthair agus chun idirphlé a dhéanamh le Fóram na Sochaí Sibhialta.

Is iad comhchathaoirligh an Chomhchoiste nó a n- ionadaithe a bheidh ina gcathaoirligh ar an seisiún sin, de réir mar is iomchuí. Foilseoidh gach Páirtí na ráitis fhoirmiúla a sholáthair sé ag Fóram na Sochaí Sibhialta.

CAIBIDIL 2

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

AIRTEAGAL 2.1

Sainmhíniú ar na Páirtithe

Chun críocha an Chomhaontaithe seo:

– ciallaíonn 'Páirtí' an tAontas Eorpach nó a Bhallstáit, nó an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, i gcomhréir lena réimsí inniúlachta, faoi seach ('an Páirtí AE'), nó Meicsiceo;

– ciallaíonn 'Páirtithe', ar thaobh amháin, an Páirtí AE agus, ar an taobh eile, Meicsiceo.

AIRTEAGAL 2.2

Cur i bhfeidhm críochach

1. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm ag an gComhaontú seo maidir leis an Aontas Eorpach, maidir leis na críocha a bhfuil feidhm ag CAE agus CFAE ina leith agus faoi na coinníollacha a leagtar síos sna Conarthaí sin. Na forálacha maidir le cóir taraife earraí, rialacha tionscnaimh agus nósanna imeachta tionscnaimh, tá feidhm acu freisin maidir le críoch chustaim an Aontais Eorpaigh nach gcumhdaítear leis an gcéad abairt. An téarma 'críoch' i gCaibidil 4 (Custam agus Éascú Trádála) agus in Airteagal 2.7 (Earraí arna dtabhairt isteach an athuair tar éis iad a Dheisiú nó a Athrú), Airteagal 2.13 (Cead isteach Sealadach d'Earraí) agus Airteagal 25.66 (Bearta Forfheidhmiúcháin Teorann a Bhaineann le Cearta Maoine Intleachtúla) de Chuid III, tuigfear gur tagairt í, i ndáil leis an bPáirtí AE, do chríoch chustaim an Aontais Eorpaigh. Is í críoch chustaim an Aontais Eorpaigh an chríoch dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais[2].

[2] Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais, mar atá foilsithe in IO L 269, 10.10.2013, lch. 1.

2. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm ag an gComhaontú seo maidir le Meicsiceo, leis an gcríoch talún, leis an aerspás, leis na huiscí inmheánacha, leis an bhfarraige theorann agus le haon limistéar lasmuigh d'fharraigí teorann Mheicsiceo ina bhféadfaidh Meicsiceo cearta ceannasacha agus dlínse a fheidhmiú, de réir mar a chinntear lena dhlí intíre, i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, arna dhéanamh in Montego Bay an 10 Nollaig 1982.

AIRTEAGAL 2.3

Oibleagáidí a Chomhlíonadh

1. Beidh gach Páirtí freagrach as cloí le forálacha an Chomhaontaithe seo. Chuige sin, déanfaidh na Páirtithe aon bheart ginearálta nó sonrach a cheanglaítear chun a n- oibleagáidí a chomhlíonadh faoin gComhaontú seo.

2. Má mheasann ceachtar Páirtí nár chomhlíon an Páirtí eile aon cheann de na hoibleagáidí faoi Chuid III den Chomhaontú seo, beidh feidhm ag na sásraí sonracha dá ndéantar foráil sa Chuid sin den Chomhaontú.

3. Má mheasann ceachtar Páirtí go bhfuil aon cheann de na hoibleagáidí a shonraítear mar eilimintí fíor- riachtanacha in Airteagal 2 de Chuid I agus in Airteagal 1.4 de Chuid II gan comhlíonadh ag an bPáirtí eile , féadfaidh sé bearta iomchuí a dhéanamh. Chun críche na míre seo, le 'bearta iomchuí' féadfar cur ar fionraí an Chomhaontaithe seo, go páirteach nó go hiomlán, a chur san áireamh.

4. Má mheasann ceachtar Páirtí go bhfuil aon oibleagáid sa Chomhaontú seo, seachas iad sin a thagann faoi raon feidhme mhíreanna 2 agus 3 thuas, gan comhlíonadh ag an bPáirtí eile, tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile faoi sin agus soláthróidh sé an fhaisnéis ábhartha uile. Rachaidh na Páirtithe i gcomhairle faoi choimirce na Comhairle Comhpháirtí d'fhonn teacht ar réiteach atá inghlactha go frithpháirteach. I gcás nach féidir leis an gComhairle Chomhpháirteach teacht ar réiteach atá inghlactha go frithpháirteach, féadfaidh an Páirtí a thugann fógra bearta iomchuí a dhéanamh. Chun críoch na míre seo, le 'bearta iomchuí' féadfar cur ar fionraí Chodanna I, II, agus IV den Chomhaontú seo a áireamh, agus an méid sin amháin.

5. Déanfar 'bearta iomchuí' dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4 thuas agus lánurraim á tabhairt don dlí idirnáisiúnta agus beidh siad comhréireach leis an mainneachtain oibleagáidí a chur chun feidhme faoin gComhaontú seo. Ní mór tosaíocht a thabhairt do na bearta sin is lú a chuirfidh isteach ar fheidhmiú an Chomhaontaithe seo. Tuigtear gur beart na rogha deiridh a bheadh i gceist le cur ar fionraí an Chomhaontaithe seo, go páirteach nó go hiomlán.

## AIRTEAGAL 2.4

### Leasú

1. Féadfar an Comhaontú seo a leasú trí chomhaontú i scríbhinn idir na Páirtithe. Tiocfaidh aon leasú i bhfeidhm ar an dáta arna chomhaontú ag na Páirtithe agus ar a gceanglais dhlíthiúla agus a nósanna imeachta dlíthiúla faoi seach a bheith críochnaithe.

2. D'ainneoin mhír 1, féadfar an Comhaontú seo a leasú sna cásanna a shonraítear sa Chomhaontú seo trí chinneadh ón gComhairle Chomhpháirteach nó, má dhéantar é a tharmligean, ón gComhchoiste, maidir le forálacha an Chomhaontaithe seo nó na hiarscríbhinní a ghabhann leis a mhodhnú.

AIRTEAGAL 2.5

Teacht i bhfeidhm agus Cur i bhFeidhm Sealadach

1. Déanfaidh na Páirtithe an Comhaontú seo a shíniú agus a fhormheas i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha faoi seach.

2. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm an chéad lá den dara mí tar éis an dáta a bheidh fógra tugtha ag na Páirtithe dá chéile faoi chur i gcrích a nósanna imeachta inmheánacha faoi seach chun na críche sin.

3. D'ainneoin mhír 2 agus go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm, féadfaidh an tAontas Eorpach agus Meicsiceo an Comhaontú seo a chur i bhfeidhm go sealadach, ina iomláine nó i bpáirt, i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha faoi seach, de réir mar is infheidhme.

4. Tosóidh an cur i bhfeidhm sealadach an chéad lá den dara mí tar éis an dáta a bheidh an méid seo a leanas déanta:

(a) tá fógra tugtha ag an Aontas Eorpach do Mheicsiceo faoi chur i gcrích a nósanna imeachta inmheánacha, lena léirítear na codanna den Chomhaontú seo atá le cur i bhfeidhm go sealadach; agus

(b) tá fógra tugtha ag Meicsiceo don Aontas Eorpach faoi chur i gcrích a nósanna imeachta inmheánacha.

5. Le linn thréimhse an chur i bhfeidhm shealadaigh, leanfaidh forálacha an Chomhaontaithe maidir le Comhpháirtíocht Eacnamaíoch, Comhordú Polaitiúil agus Comhar idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo, den pháirt eile, a síníodh sa Bhruiséil an 8 Nollaig 1997, d'fheidhm a bheith acu a mhéid nach gcumhdaítear le cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe seo iad.

6. Féadfaidh an tAontas Eorpach nó Meicsiceo fógra a thabhairt i scríbhinn don Pháirtí eile á cur in iúl go bhfuil sé beartaithe aige cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe seo a fhoirceannadh. Beidh éifeacht leis an bhfoirceannadh an chéad lá den dara mí tar éis an fhógra sin.

7. Má chuirtear an Comhaontú seo, nó forálacha áirithe den Chomhaontú seo, i bhfeidhm go sealadach i gcomhréir le mír 4, tuigfidh na Páirtithe go gciallaíonn an téarma ‘dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo’ an dáta a dhéanfar an Comhaontú nó na forálacha sin a chur i bhfeidhm go sealadach. Féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach agus comhlachtaí eile arna mbunú faoin gComhaontú seo a bhfeidhmeanna a fheidhmiú le linn an Comhaontú seo a bheith á chur i bhfeidhm go sealadach. Aon chinneadh nó aon mholadh a ghlactar i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna, scoirfidh siad de bheith éifeachtach má fhoirceanntar cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe seo de bhun mhír 6.

8. Fógraí a thugtar i gcomhréir leis an Airteagal seo, seolfar iad, le haghaidh an Aontais Eorpaigh, chuig Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus, le haghaidh Mheicsiceo, chuig Aireacht Gnóthaí Eachtracha Mheicsiceo, a bheidh ina dtaiscí don Chomhaontú seo.

AIRTEAGAL 2.6

Gaol le Comhaontuithe Eile

1. An Comhaontú maidir le Comhpháirtíocht Eacnamaíoch, Comhordú Polaitiúil agus Comhar idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo, den pháirt eile, a síníodh sa Bhruiséil an 8 Nollaig 1997, lena n- áirítear aon chinneadh ina dhiaidh sin óna chomhlachtaí institiúideacha ach amháin Cinneadh Uimh. 5/2004 ó Chomhairle Chomhpháirteach an Aontais Eorpaigh agus Mheicsiceo an 15 Nollaig 2004 lena nglactar, de bhun Airteagal 17(3) de Chinneadh Uimh. 2/2000, Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin maidir le cúnamh riaracháin frithpháirteach in ábhair chustaim, déanfar é a aisghairm agus an Comhaontú seo a chur ina ionad.

2. Déanfar an Comhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Meicsiceo a aisghairm agus cuirfear an Comhaontú seo ina ionad ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

3. Tagairtí do na comhaontuithe réamhluaite sna comhaontuithe uile eile idir na Páirtithe, forléireofar go dtagraítear don Chomhaontú seo leo.

4. Féadfaidh na Páirtithe an Comhaontú seo a chomhlánú trí chomhaontuithe sonracha a thabhairt i gcrích in aon réimse comhair a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe seo. Beidh na comhaontuithe sonracha sin ina gcuid dhílis den chaidreamh déthaobhach foriomlán arna rialú leis an gComhaontú seo agus beidh siad faoi réir an chreata institiúidigh choitinn a bhunaítear faoin gComhaontú seo.

5. Comhaontuithe atá ann cheana a bhaineann le réimsí sonracha comhair a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe seo, measfar gur cuid dhílis den chaidreamh déthaobhach foriomlán iad, ar caidreamh é a rialaítear leis an gComhaontú seo, agus beidh siad faoi réir an chreata institiúidigh choitinn a bhunaítear faoin gComhaontú seo.

6. Ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, aon chinneadh a ghlacfaidh an Chomhairle Trádála a bhunaítear leis an gComhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Meicsiceo, arna shíniú an X, measfar é a bheith glactha ag an gComhairle Chomhpháirteach a bhunaítear le hAirteagal 1.2. Aon chinneadh a ghlacfaidh an Coiste Trádála a bhunaítear leis an gComhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Meicsiceo, measfar é a bheith glactha ag an gComhchoiste a bhunaítear le hAirteagal 1.3.

7. D'ainneoin Airteagal 2.6(2):

(a) bearta sealadacha arna nglacadh de bhun Airteagal 2.24(7) agus Airteagal 20.4 den Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Meicsiceo, atá i bhfeidhm ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, leanfar d'fheidhm a bheith acu go dtí go rachaidh siad in éag go nádúrtha;

(b) bearta coimirce déthaobhacha arna nglacadh de bhun Roinn C de Chaibidil 5 den Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Meicsiceo, atá i bhfeidhm ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, leanfar d'fheidhm a bheith acu go dtí go rachaidh siad in éag go nádúrtha;

(c) nósanna imeachta um réiteach díospóidí arna dtionscnamh cheana féin de bhun Airteagal 31.6 den Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Meicsiceo, ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo ar aghaidh, measfar gur díospóid atá i gceist leo faoin gComhaontú seo agus leanfar díobh go dtí go dtabharfar i gcrích iad; agus

(d) toradh ceangailteach aon nós imeachta um réiteach díospóidí arna thionscnamh de bhun Airteagal 31.6 den Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Meicsiceo, beidh sé fós ina cheangal ar na Páirtithe tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

8. Ní bheidh na Páirtithe in ann imeachtaí um réiteach díospóidí a thionscnamh faoin gComhaontú seo maidir le hábhair ar ar tugadh tuairisc i dtuarascáil chríochnaitheach phainéil faoi Chaibidil 31 den Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Meicsiceo.

9. Déanfar idirthréimhsí atá imithe in éag go hiomlán nó go páirteach cheana féin faoin gComhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Meicsiceo a chur san áireamh agus idirthréimhsí dá ndéantar foráil i bhforálacha coibhéiseacha faoin gcomhaontú seo á ríomh. Déanfar na hidirthréimhsí sin faoin gComhaontú seo a ríomh ag tosú ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

## AIRTEAGAL 2.7

### Iarscríbhinní, Prótacail agus Dearbhuithe Comhpháirteacha

1. Beidh na hiarscríbhinní, lena n- áirítear na haguisíní, na prótacail agus na fonótaí a ghabhann leo, chomh maith leis na dearbhuithe comhpháirteacha a ghabhann leis an gComhaontú seo, ina gcuid dhílis de.

2. Beidh gach Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú seo, lena n- áirítear na haguisíní a ghabhann léi, arna sainaithint le cód a thosaíonn le huimhir Arabach, ina cuid dhílis den chaibidil de Chuid III den Chomhaontú seo a shainaithnítear leis an uimhir Arabach chéanna agus ina ndéantar tagairt don Iarscríbhinn áirithe sin.

3. Beidh Iarscríbhinní I go VII a ghabhann leis an gComhaontú seo, lena n- áirítear na haguisíní a ghabhann leo, arna sainaithint le huimhir Rómhánach, ina gcuid dhílis de Chaibidlí 10 go 19 de Chuid III den Chomhaontú seo. Mura bhforáiltear a mhalairt, tá an fheidhm choibhéiseach chéanna ag na sainmhínithe a leagtar amach i gCaibidlí 10 go 19 maidir leis na hIarscríbhinní sin.

AIRTEAGAL 2.8

Eisceacht Slándála

Ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo:

(a) mar ní lena gceanglaítear ar Pháirtí aon fhaisnéis a thabhairt, nó rochtain ar aon fhaisnéis a cheadú, ar faisnéis í a mheasann sé go mbeadh a nochtadh contrártha dá leasanna bunúsacha slándála; nó

(b) mar ní chun Páirtí a chosc ar ghníomh a dhéanamh a mheasann sé a bhfuil gá leis chun a leasanna bunúsacha slándála a chosaint:

(i) ar gníomhaíocht í atá bainteach le hairm, armlón agus ábhair chogaidh a tháirgeadh nó gáinneáil ar airm, armlón agus ábhair chogaidh, agus le gáinneáil den sórt sin ar earraí agus ábhair, nó le hidirbhearta ina leith, a dhéantar go díreach nó go neamhdhíreach chun soláthar a chur ar fáil do bhunaíocht mhíleata;

(ii) ar gníomhaíocht í a bhaineann le soláthar seirbhísí agus teicneolaíochta, agus le gníomhaíochtaí eacnamaíocha, a dhéantar go díreach nó go neamhdhíreach chun soláthar a chur ar fáil do bhunaíocht mhíleata;

(iii) a bhaineann le hábhair ineamhnaithe agus in-chomhleáite nó na hábhair óna bhfaightear iad;

(iv) arna dhéanamh le linn cogaidh nó le linn éigeandáil eile sa chaidreamh idirnáisiúnta;

(c) mar ní lena gcoisctear ar Pháirtí aon ghníomhaíocht a dhéanamh chun a oibleagáidí idirnáisiúnta a dhéanamh faoi Chairt na Náisiún Aontaithe chun an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a choinneáil ar bun.

AIRTEAGAL 2.9

Aontachas Ballstát nua leis an Aontas Eorpach

1. Cuirfidh an tAontas Eorpach Meicsiceo ar an eolas go pras faoi aon iarraidh ó thríú tír ar aontachas leis an Aontas Eorpach.

2. Tabharfaidh an tAontas Eorpach fógra do Mheicsiceo faoi theacht i bhfeidhm aon chonartha maidir le haontachas tríú tír leis an Aontas (dá ngairtear an 'Conradh Aontachais' anseo feasta).

3. Le linn na caibidlíochta idir an tAontas Eorpach agus an tríú tír atá ag lorg aontachais, déanfaidh an tAontas Eorpach an méid seo a leanas:

(a) aon fhaisnéis maidir le haon ábhar a chumhdaítear leis an gComhaontú seo a sholáthar, a mhéid is féidir, arna iarraidh sin do Mheicsiceo; agus

(b) aon imní a chuirfidh Meicsiceo in iúl i ndáil leis na hábhair a chumhdaítear leis an gComhaontú seo a chur san áireamh.

4. Aontóidh Ballstát nua den Aontas Eorpach don Chomhaontú seo i gcomhréir leis na téarmaí arna gcinneadh ag an gComhairle Chomhpháirteach. Gabhfaidh éifeacht leis an aontachas sin ó dháta aontachais an Bhallstáit nua leis an Aontas Eorpach. Leasóidh an Chomhairle Chomhpháirteach an Comhaontú seo trí chinneadh agus leis sin leagfaidh sí síos téarmaí an aontachais.

5. D'ainneoin mhír 4, a mhéid a bhaineann le Cuid III den Chomhaontú seo, déanfaidh an Comhchoiste an méid seo a leanas agus é ag teacht le chéile i gcumraíocht trádála:

(a) scrúdú a dhéanamh, luath go leor roimh dháta an aontachais, ar aon éifeacht a bheadh ag an aontachas sin ar an gComhaontú seo; agus

(b) sula dtiocfaidh aontachas an tríú tír don Aontas Eorpach i bhfeidhm, aghaidh a thabhairt ar thionchair an aontachais sin ar an gComhaontú seo agus teacht ar chomhaontú faoi aon leasú, coigeartú nó beart idirthréimhseach is gá a bhaineann le Cuid III den Chomhaontú seo, chun ligean do na Páirtithe an Chuid sin a chur i bhfeidhm a mhéid is féidir ó dháta aontachais an Bhallstáit nua don Aontas Eorpach ar aghaidh.

6. Glacfar cinntí ón gComhairle Chomhpháirteach agus ón gComhchoiste i gcomhréir le hAirteagal 1.2 (An Chomhairle Chomhpháirteach).

AIRTEAGAL 2.10

Aontachas leis an gComhaontú seo Amach Anseo

Tá an Comhaontú seo oscailte d'aontachas ag aon Stát atá sásta na hoibleagáidí a leagtar amach sa Chomhaontú seo a chomhlíonadh, faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha a d'fhéadfadh an Stát agus na Páirtithe teacht ar chomhaontú orthu, agus tar éis formheasa i gcomhréir leis na nósanna imeachta dlíthiúil is infheidhme maidir le gach Páirtí agus leis an Stát aontach.

AIRTEAGAL 2.11

Cearta Príobháideacha

Ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo mar ní a thugann cearta do dhaoine nó a fhorchuireann oibleagáidí ar dhaoine seachas iad siúd arna gcruthú idir na Páirtithe faoi dhlí idirnáisiúnta poiblí nó, gan dochar do reachtaíocht intíre Mheicsiceo, mar ní a cheadaíonn an Comhaontú seo a agairt go díreach i gcórais dlí intíre na bPáirtithe.

AIRTEAGAL 2.12

Téacsanna Barántúla

Tarraingíodh suas an Comhaontú seo i ndúblach sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris, agus comhúdarás ag gach téacs acu sin.

AIRTEAGAL 2.13

Fad agus Foirceannadh

1. Leanfaidh an Comhaontú seo de bheith i bhfeidhm go ceann tréimhse neamhtheoranta.

2. Féadfaidh an tAontas Eorpach nó Meicsiceo fógra a thabhairt i scríbhinn don Pháirtí eile á rá go bhfuil sé beartaithe aige an Comhaontú seo a fhoirceannadh. Gabhfaidh éifeacht leis an bhfoirceannadh 6 mhí tar éis an dáta a fhaightear an fógra sin.

PRÓTACOL

MAIDIR LEIS AN ÉILLIÚ A CHOSC AGUS A CHOMHRAC

ROINN A

Forálacha Ginearálta

AIRTEAGAL 1

Cuspóirí

1. Dearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanas chun éilliú sa trádáil agus san infheistíocht idirnáisiúnta a chosc agus a chomhrac agus meabhraíonn siad go ndéanann éilliú sa trádáil agus san infheistíocht dochar do dhea- rialachas agus d'fhorbairt eacnamaíoch agus go ndéanann sé dálaí iomaíocha idirnáisiúnta a shaobhadh.

2. Aithníonn na Páirtithe gur féidir leis an éilliú difear diúltach a dhéanamh don trádáil idirnáisiúnta agus d'infheistíocht toisc go bhféadfadh sé deiseanna rochtana ar an margadh a chur i mbaol agus gealltanais a chreimeadh arbh é is aidhm dóibh cothrom na Féinne a chruthú. Is féidir leis an éilliú a dhéanann difear don trádáil agus don infheistíocht gníomhú mar bhacainn neamhtharaife le haghaidh infheisteoirí agus fiontar atá ag iarraidh a bheith rannpháirteach sa trádáil agus infheistíocht idirnáisiúnta.

3. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann leis an gcomhrac in aghaidh éilliú oifigeach poiblí agus in aghaidh éilliú san earnáil phríobháideach a dhéanann difear don trádáil agus don infheistíocht idirnáisiúnta.

4. Aithníonn na Páirtithe gur saincheist thrasnáisiúnta atá i gceist leis an éilliú agus go bhfuil sé nasctha le cineálacha eile coireachta trasnáisiúnta agus eacnamaíche, lena n- áirítear an sciúradh airgid, agus gur cheart aghaidh a thabhairt uirthi le cur chuige ildisciplíneach agus le dlúthchomhar ar an leibhéal idirnáisiúnta.

5. Aithníonn na Páirtithe an gá atá le hionracas a chothú agus trédhearcacht a fheabhsú laistigh den earnáil phoiblí agus den earnáil phríobháideach araon agus go bhfuil freagrachtaí comhlántacha ar gach earnáil ina leith sin.

6. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le tionscnaimh réigiúnacha agus iltaobhacha, lena n- áirítear ag na Náisiúin Aontaithe, EDT, an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (dá ngairtear 'ECFE' anseo feasta), an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (dá ngairtear 'TFGA' anseo feasta), Comhairle na hEorpa agus Eagraíocht na Stát Meiriceánach, chun éilliú a chosc agus a chomhrac, ar éilliú é in ábhair a dhéanann difear don trádáil agus don infheistíocht idirnáisiúnta agus tugann na Páirtithe gealltanas go n- oibreoidh siad i gcomhpháirt chun tionscnaimh iomchuí a spreagadh agus chun tacú leo.

7. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanas comhroinnte de bhun Sprioc 16 de Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe chun éilliú agus breabaireacht de gach cineál a laghdú go mór.

8. Aithníonn na Páirtithe an obair thábhachtach atá déanta ag Meitheal G20 in aghaidh Éilliú, agus athdhearbhaíonn siad a dtacaíocht do na Prionsabail Ardleibhéil ábhartha a comhaontaíodh in G20.

9. Is é is cuspóir do na forálacha sin creat déthaobhach gealltanas a shocrú chun éilliú a dhéanann difear don trádáil agus don infheistíocht idirnáisiúnta sa ghaolmhaireacht idir na Páirtithe a chosc agus a chomhrac.

AIRTEAGAL 2

Raon feidhme

Baineann an Prótacal seo leis an éilliú a chosc agus a chomhrac maidir le haon ábhar a chumhdaítear le Cuid III den Chomhaontú seo.

AIRTEAGAL 3

Gaol le Comhaontuithe Eile

Ní dhéanfaidh aon ní sa Phrótacal seo difear do chearta agus d'oibleagáidí na bPáirtithe faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe, arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 31 Deireadh Fómhair 2003 ag Ceanncheathrú na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac (dá ngairtear 'UNCAC' anseo feasta); an Coinbhinsiún maidir le hOifigigh Phoiblí Eachtracha a Bhreabadh in Idirbhearta Gnó Idirnáisiúnta a Chomhrac, a rinneadh i bPáras an 21 Samhain 1997; an Coinbhinsiún Idir-Mheiriceánach in aghaidh an Éillithe, a rinneadh in Caracas an 29 Márta 1996; na hionstraimí dlí ábhartha arna nglacadh ag Comhairle na hEorpa; agus aon ionstraim dlí idirnáisiúnta ábhartha eile arna glacadh ag gach Páirtí.

ROINN B

Bearta chun Comhrac in aghaidh an Éillithe

AIRTEAGAL 4

Breabaireacht Ghníomhach agus Éighníomhach a Dhéanamh ar Oifigigh Phoiblí

Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann leis an gcomhrac in aghaidh na breabaireachta gníomhaí agus éighníomhaí ar oifigigh phoiblí, rud a dhéanann difear don trádáil agus don infheistíocht idirnáisiúnta. Chuige sin, athdhearbhaíonn siad go háirithe a ngealltanais de bhun Airteagail 15 agus 16 de UNCAC maidir le bearta reachtacha agus bearta eile a ghlacadh nó a choinneáil ar bun de réir mar is gá chun a shuí gur cionta coiriúla iad breabaireacht ghníomhach agus éighníomhach a dhéanamh ar oifigigh phoiblí agus breabaireacht ghníomhach a dhéanamh ar oifigigh phoiblí eachtracha agus ar oifigigh eagraíochtaí idirnáisiúnta poiblí, nuair a dhéantar d’aon ghnó iad, agus cuimhneamh ar bhearta reachtacha agus bearta eile a ghlacadh de réir mar is gá chun a shuí gur cionta coiriúla iad breabaireacht éighníomhach a dhéanamh ar oifigigh phoiblí eachtracha agus ar oifigigh eagraíochtaí idirnáisiúnta poiblí, nuair a dhéantar d’aon ghnó iad.

## AIRTEAGAL 5

### Breabaireacht Ghníomhach agus Éighníomhach san Earnáil Phríobháideach

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann leis an gcomhrac in aghaidh na breabaireachta gníomhaí agus éighníomhaí san earnáil phríobháideach, rud a dhéanann difear don trádáil agus don infheistíocht idirnáisiúnta. Chuige sin, meabhraíonn siad an gá atá lena ngealltanais a chomhlíonadh faoi UNCAC agus athdhearbhaíonn siad go háirithe a ngealltanais de bhun Airteagal 21 de UNCAC maidir le cuimhneamh ar bhearta reachtacha agus bearta eile a ghlacadh de réir mar is gá chun a shuíomh gur cionta coiriúla iad breabaireacht ghníomhach agus éighníomhach san earnáil phríobháideach, nuair a dhéantar d'aon ghnó iad agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha, airgeadais nó tráchtála á ndéanamh.

2. Aithníonn na Páirtithe gur cineál breabaireachta atá i gceist le híocaíochtaí éascaíochta a dhéantar le hoifigigh phoiblí, go gcuirtear bac leo ar iarrachtaí chun éilliú a chomhrac agus go spreagtar breabaireacht i dtíortha eachtracha mar thoradh orthu. Chuige sin, athdhearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanas de bhun mhír 4 d'Airteagal 12 de UNCAC maidir le hin- asbhainteacht cánach na gcostas ar breabanna atá iontu a dhícheadú agus, i gcás inarb iomchuí, in- asbhainteacht cánach costas eile arna dtabhú agus iompar éillitheach á chur chun cinn a dhícheadú.

AIRTEAGAL 6

Éilliú agus Sciúradh Airgid

Aithníonn na Páirtithe an t-  idirnasc idir éilliú agus sciúradh airgid agus athdhearbhaíonn siad a ngealltanais de bhun Airteagal 23 de UNCAC.

AIRTEAGAL 7

Dliteanas Daoine Dlítheanacha

Aithníonn na Páirtithe gur gá dliteanas daoine dlítheanacha a shuíomh agus smachtbhannaí coiriúla nó neamhchoiriúla a áirithiú atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach chun an comhrac domhanda in aghaidh an éillithe sa trádáil agus san infheistíocht idirnáisiúnta a chur chun tosaigh. Chuige sin, athdhearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanais de bhun Airteagal 26 de UNCAC agus meabhraíonn siad a dtacaíocht do Phrionsabail Ardleibhéil G20 maidir le Dliteanas Daoine Dlítheanacha i leith an Éillithe.

ROINN C

Bearta chun Cosc a Chur ar Éilliú san Earnáil Phríobháideach

AIRTEAGAL 8

Iompar Gnó Freagrach

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le bearta coisctheacha agus le hiompar gnó freagrach, lena n- áirítear oibleagáidí tuairiscithe airgeadais agus neamhairgeadais agus cleachtais um fhreagracht shóisialta chorparáideach chun éilliú a sheachaint; agus ról na trádála chun an cuspóir sin a shaothrú.

2. Aithníonn na Páirtithe gur gá na riachtanais agus na srianta atá ag fiontair bheaga agus mheánmhéide (dá ngairtear 'FBManna' anseo feasta) a chur san áireamh i dtéarmaí oibleagáidí tuairiscithe.

3. Meabhraíonn na Páirtithe a dtacaíocht do Threoirlínte ECFE le haghaidh Fiontair Ilnáisiúnta i ndáil leis an gcomhrac in aghaidh an éillithe.

AIRTEAGAL 9

Tuairisciú Airgeadais agus Neamhairgeadais

1. I gcomhréir lena ngealltanais faoi UNCAC agus i gcomhréir le prionsabail bhunúsacha a ndlí, aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le caighdeáin chuntasaíochta agus iniúchóireachta san earnáil phríobháideach a fheabhsú mar mhodh chun cosc a chur ar éilliú agus aithníonn siad go háirithe go bhféadfaí an cuspóir sin a bhaint amach leis na bearta seo a leanas, i measc cinn eile:

(a) a áirithiú go ndéanfaidh fiontair phríobháideacha, ag cur san áireamh a struchtúr agus a méid, agus go háirithe riachtanais shonracha FBManna, bearta a chur chun feidhme chun cúnamh a thabhairt maidir le gníomhaíochtaí éillithe a chosc agus a bhrath, lena bhféadfar comhlíontacht cóid rialachais chorparáidigh, feidhm iniúchta inmheánaigh nó rialuithe inmheánacha leordhóthanacha a chuimsiú; agus

(b) a áirithiú go bhfuil na cuntais agus na ráitis airgeadais is gá de chuid na bhfiontar príobháideach sin faoi réir nósanna imeachta iniúchóireachta agus deimhniúcháin iomchuí.

2. Spreagfaidh na Páirtithe fiontair, bainc agus cuideachtaí árachais a liostaítear chun tuairisciú ar na bearta atá déanta acu chun an t-éilliú a chosc agus a chomhrac. Déanfaidh na Páirtithe cibé bearta is gá ar nochtadh na dtuarascálacha sin.

3. Déanfaidh na Páirtithe aon bheart is gá, i gcomhréir lena ndlíthe agus lena rialacháin, maidir le ráitis airgeadais a nochtadh agus caighdeáin chuntasaíochta agus iniúchóireachta a chothabháil.

4. Féachfaidh gach Páirtí le cuimhneamh ar bhearta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena gceanglaítear ar iniúchóirí seachtracha aon ghníomhaíocht amhrasta maidir leis na cionta a shonraítear in Airteagail 4, 5 agus 6 a thuairisciú do na húdaráis inniúla. Má cheanglaítear an tuairisciú sin, áiritheoidh na Páirtithe go gcosnófar iniúchóirí seachtracha a dhéanann na tuarascálacha sin go réasúnta agus de mheon macánta ar chaingean dlí maidir le sáruithe ar aon srian conarthach nó dlíthiúil ar nochtadh faisnéise.

AIRTEAGAL 10

Trédhearcacht san Earnáil Phríobháideach

1. Aithníonn na Páirtithe gur féidir le trédhearcacht a bheith ina rannchuidiú le cosc a chur ar éilliú i réimse na trádála agus na hinfheistíochta idirnáisiúnta agus chuige sin meabhraíonn siad a ngealltanais de bhun mhír 2 d’Airteagal 12 de UNCAC. Go sonrach, leis na bearta seo a leanas d’fhéadfaí an cuspóir maidir le trédhearcacht níos fearr a áirithiú sa chuid den earnáil phríobháideach atá bainteach le gníomhaíochtaí tráchtála a bhaineann le trádáil agus le hinfheistíocht faoi Chuid III den Chomhaontú seo a bhaint amach:

(a) forbairt caighdeán agus nósanna imeachta a chur chun cinn atá deartha chun sláine eintiteas príobháideach ábhartha a chosaint, lena n- áirítear cóid iompair chun gníomhaíochtaí gnó agus na ngairmeacha beatha ábhartha uile a dhéanamh i gceart, go honórach agus go hiomchuí agus chun coinbhleachtaí leasa a chosc, agus chun úsáid dea- chleachtas tráchtála a chur chun cinn i measc gnólachtaí agus i gcaidreamh conarthach gnólachtaí leis an Stát;

(b) cosc a chur ar mhí-úsáid nósanna imeachta lena rialaítear eintitis phríobháideacha, lena n-áirítear nósanna imeachta maidir le fóirdheontais agus ceadúnais arna ndeonú ag údaráis phoiblí le haghaidh gníomhaíochtaí tráchtála; agus

(c) bearta a chur chun cinn chun coinbhleachtaí leasa a chosc ach srianta a fhorchur, de réir mar is iomchuí agus ar feadh tréimhse réasúnta, ar ghníomhaíochtaí gairmiúla iaroifigeach poiblí nó ar fhostú oifigeach poiblí san earnáil phríobháideach tar éis dóibh éirí as nó dul ar scor, más rud é go mbaineann na gníomhaíochtaí nó an fhostaíocht sin go díreach leis na feidhmeanna a bhí ag na hoifigigh phoiblí sin nó a ndearna siad maoirseacht orthu le linn a dtréimhse oifige.

AIRTEAGAL 11

Bearta chun Sciúradh Airgid a Chosc

1. Ag aithint dóibh an tábhacht a bhaineann leis an sciúradh airgid a chosc agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar an trádáil agus ar an infheistíocht idirnáisiúnta, deimhníonn na Páirtithe a ngealltanas maidir le córas cuimsitheach rialála agus maoirseachta intíre a ghlacadh nó a choinneáil ar bun le haghaidh institiúidí airgeadais agus gnólachtaí agus gairmeacha neamhairgeadais ainmnithe (dá ngairtear 'DNFBPanna' anseo feasta), i gcomhréir leis na gealltanais atá ann cheana faoi UNCAC agus faoi Mholtaí TFGA. Déanfaidh na Páirtithe cur chun feidhme Mholtaí 24 agus 25 ó TFGA maidir le Trédhearcacht agus úinéireacht thairbhiúil daoine dlítheanacha agus maidir le Trédhearcacht agus úinéireacht thairbhiúil socruithe dlíthiúla, agus cur chun feidhme Phrionsabail Ardleibhéil G20 maidir le Trédhearcacht Úinéireachta Tairbhiúla a chur chun cinn.

2. I gcomhréir le gealltanais UNCAC, Moltaí TFGA agus Prionsabail Ardleibhéil G20 dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh na Páirtithe na bearta seo a leanas a ghlacadh nó a choinneáil ar bun:

(a) bearta lena n- áirithítear go n- áirítear sainmhíniú ar 'úinéir tairbhiúil' ina ndlíthe intíre lena gcumhdaítear an duine nádúrtha ar leis custaiméir nó a rialaíonn custaiméir ar deireadh thiar, nó an duine nádúrtha a bhfuil idirbheart á dhéanamh thar a cheann, lena n- áirítear freisin na daoine nádúrtha sin a fheidhmíonn rialú éifeachtach deiridh ar dhuine dlítheanach nó ar shocrú dlíthiúil;

(b) bearta lena n- áirithítear go gceanglaítear ar dhaoine dlítheanacha a chorpraítear ina gcríoch faisnéis leormhaith, chruinn agus cothrom le dáta maidir lena n- úinéireacht thairbhiúil a fháil agus a choinneáil ina seilbh;

(c) bearta lena n- áirithítear go ndéanfaidh iontaobhaithe ó iontaobhais shainráite nó socruithe dlíthiúla eile a bhfuil struchtúr nó feidhm acu atá cosúil le hiontaobhais shainráite faisnéis leormhaith, chruinn agus cothrom le dáta a choinneáil maidir lena n- úinéireacht thairbhiúil, lena n- áirítear faisnéis maidir le socraitheoirí, aon chosantóir, iontaobhaí agus tairbhí nó aicme tairbhithe, agus aon duine nádúrtha eile a fheidhmíonn rialú éifeachtach deiridh ar an iontaobhas;

(d) bearta lena gceanglaítear ar institiúidí airgeadais agus ar DNFBPanna, a thuigtear gurb iad sin na cinn a shainítear le Moltaí TFGA, an custaiméir a shainaithint agus céannacht an chustaiméara sin a fhíorú, chomh maith leis an úinéir tairbhiúil a shainaithint agus bearta réasúnta a dhéanamh chun céannacht an úinéara thairbhiúil a fhíorú, chun go mbeidh an institiúid airgeadais nó an DNFBP sásta go bhfuil a fhios aige cé hé an t- úinéir tairbhiúil;

(e) bearta lena gcuirtear sásraí i bhfeidhm chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag na húdaráis inniúla ábhartha go tráthúil ar fhaisnéis maidir leis an úinéireacht thairbhiúil, de réir mar a shainítear i ndlí na bPáirtithe;

(f) bearta lena n- áirithítear go mbeidh a n- údaráis inniúla rannpháirteach go tráthúil agus go héifeachtach i malartuithe faisnéise maidir le húinéireacht thairbhiúil le contrapháirtithe idirnáisiúnta;

(g) bearta lena gceanglaítear ar institiúidí airgeadais agus ar DNFBPanna dícheall cuí feabhsaithe a dhéanamh, go háirithe i ndáil le daoine atá faoi riteacht pholaitiúil, a dtuigtear gur daoine aonair iad a shealbhaíonn nó a shealbhaigh feidhmeanna poiblí suntasacha laistigh de chríoch ceachtar Páirtí nó go hidirnáisiúnta, chomh maith lena mbaill teaghlaigh agus dlúthpháirtithe dá gcuid; agus

(h) bearta lena n- áirithítear go bhfuil maoirseacht éifeachtach ar na hoibleagáidí thuasluaite i bhfeidhm, lena n- áirítear an méid sin a dhéanamh trí smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha i leith neamhchomhlíonta a bhunú agus a fhorfheidhmiú.

3. Aithníonn na Páirtithe an úsáideacht a bhaineann le cláir a bhunú chun faisnéis atá cruinn agus cothrom le dáta a sholáthar go tráthúil maidir le húinéireacht thairbhiúil le haghaidh daoine dlítheanacha agus socruithe dlíthiúla, chun éascaíocht a dhéanamh maidir le héilliú agus sciúradh airgid a chosc agus a chomhrac.

ROINN D

Bearta chun Cosc a Chur ar Éilliú san Earnáil Phoiblí

AIRTEAGAL 12

Iompar Oifigeach Poiblí

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a dtacaíocht do Phrionsabail Ardleibhéil G20 maidir le Nochtadh Sócmhainní ag Oifigigh Phoiblí, a glacadh ag Cruinniú Mullaigh Cheannairí G20 in Los Cabos an 18–19 Meitheamh 2012, chomh maith leis na Prionsabail Iompair le haghaidh Oifigigh Phoiblí Mheicsiceo maidir le Comhar Eacnamaíochta an Aigéin Chiúin agus na hÁise, a glacadh ag an 14ú cruinniú de na Ceannairí Eacnamaíocha i Hanáí in 2006, agus an Moladh maidir le cóid iompair le haghaidh oifigigh phoiblí, a ghlac Comhairle na hEorpa an 11 Bealtaine 2000 le haghaidh an Aontais Eorpaigh.

2. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanais in Airteagal 8 de UNCAC, lena n- áirítear cóid nó caighdeáin iompair a chur i bhfeidhm le haghaidh oifigigh phoiblí, tuairisciú ag oifigigh phoiblí ar ghníomhaíochtaí éillithe do na húdaráis iomchuí a éascú, á cheangal ar oifigigh phoiblí dearbhuithe a dhéanamh do na húdaráis iomchuí maidir le coinbhleachtaí féideartha leasa, agus bearta a dhéanamh lena ndéantar foráil maidir le bearta araíonachta nó bearta eile in aghaidh oifigigh phoiblí a sháraíonn na cóid nó na caighdeáin sin.

AIRTEAGAL 13

Trédhearcacht sa Riarachán Poiblí

1. Cuireann na Páirtithe i dtábhacht trédhearcacht sa riarachán poiblí chun cosc a chur ar éilliú a bhaineann le trádáil agus infheistíocht idirnáisiúnta agus cuirfidh siad trédhearcacht chun cinn i gcomhréir le forálacha sonracha agus cothrománacha i gCuid III den Chomhaontú seo, lena n- áirítear forálacha maidir le héascú trádála, soláthar poiblí, rialáil intíre agus trédhearcacht go háirithe.

2. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanais de bhun mhír 2 d'Airteagal 13 de UNCAC maidir le bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú go bhfuil an pobal ar an eolas faoina chomhlachtaí frithéillithe, agus chun rochtain a sholáthar ar na comhlachtaí sin, más iomchuí, chun aon teagmhas ábhartha a thuairisciú.

AIRTEAGAL 14

Rannpháirtíocht na Sochaí Sibhialta

Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht na sochaí sibhialta agus an t- éilliú sa trádáil agus san infheistíocht idirnáisiúnta á chosc agus á chomhrac, chomh maith leis an ngá atá le feasacht an phobail a mhúscailt maidir leis an bhfíoras gurb ann don éilliú, na cúiseanna a bhíonn leis agus tromchúis an éillithe agus an bhagairt a bhíonn ann dá bharr. Chuige sin, athdhearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanais de bhun mhír 1 d'Airteagal 13 de UNCAC, go háirithe maidir le bearta iomchuí a dhéanamh chun rannpháirtíocht ghníomhach daoine aonair agus grúpaí lasmuigh den earnáil phoiblí a chur chun cinn, amhail an tsochaí shibhialta, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus eagraíochtaí pobalbhunaithe.

AIRTEAGAL 15

Cosaint na nDaoine Tuairiscithe

Athdhearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanas de bhun mhír 4 d'Airteagal 8 de UNCAC go gcuimhneoidh siad ar bhearta agus ar chórais a bhunú chun go n- éascófar d'oifigigh phoiblí gníomhaíochtaí éillithe a thuairisciú do na húdaráis iomchuí, nuair a thagann na gníomhaíochtaí sin chun suntais dóibh agus iad ag feidhmiú a bhfeidhmeanna. Athdhearbhaíonn na Páirtithe freisin a ngealltanas de bhun Airteagal 33 de UNCAC go gcuimhneoidh siad ar bhearta iomchuí a bhunú chun cosaint a sholáthar ar aon chóir gan údar le haon duine tuairiscithe.

ROINN E

Réiteach Díospóidí

AIRTEAGAL 16

Raon feidhme

1. I gcás easaontais idir na Páirtithe maidir le haon fhoráil sa Phrótacal seo, beidh teacht ag na Páirtithe, go heisiach, ar na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagail 17 go 21.

2. Tá mír 1 gan dochar do chearta agus oibleagáidí na bPáirtithe faoi na nósanna imeachta ábhartha um réiteach díospóidí sna hionstraimí idirnáisiúnta dá dtagraítear sa Phrótacal seo.

3. Forchoimeádann gach Páirtí an ceart chun a dhlíthe frithéillithe faoi seach a fhorfheidhmiú trína údaráis forfheidhmithe dlí, trína údaráis ionchúisimh agus trína údaráis bhreithiúnacha, i gcomhréir le prionsabail bhunúsacha a dhlí.

AIRTEAGAL 17

Comhairliúcháin

1. Féadfaidh Páirtí comhairliúcháin a iarraidh leis an bPáirtí eile agus é d'aidhm aige teacht ar réiteach arna chomhaontú ar bhonn frithpháirteach. Tionólfar na comhairliúcháin laistigh den Fhochoiste in aghaidh Éilliú sa Trádáil agus san Infheistíocht.

2. Déanfaidh an Páirtí a iarrfaidh na comhairliúcháin iarraidh i scríbhinn a sholáthar don Pháirtí eile ina leagfar amach na cúiseanna atá leis an iarraidh sin, lena n- áirítear tuairisc ar an ábhar atá i gceist agus ar an mbealach a ndéanann beart an Pháirtí eile dochar do thrádáil nó d'infheistíocht idir na Páirtithe. Rachaidh na Páirtithe i mbun comhairliúchán go pras tar éis iarraidh ar chomhairliúcháin a bheith seachadta agus in aon chás tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis dháta fála na hiarrata. Déanfaidh na Páirtithe iarracht láidir chun teacht ar réiteach ar an ábhar arna chomhaontú ar bhonn frithpháirteach trí mheán na gcomhairliúchán sin.

3. Féadfaidh gach Páirtí comhairle a iarraidh, más iomchuí, ó na Grúpaí Comhairleacha Baile dá dtagraítear in Airteagal 1.7 (Grúpaí Comhairleacha Baile) de Chuid IV den Chomhaontú seo.

4. Féachfaidh gach Páirtí le rannpháirtíocht phearsanra a údarás rialtais inniúil, ar a bhfuil freagracht as an ábhar is ábhar do na comhairliúcháin, a áirithiú.

5. Cuirfear aon réiteach a chomhaontófar go frithpháirteach ar fáil go poiblí, faoi réir cosaint faisnéise rúnda.

AIRTEAGAL 18

Cúnamh ó Shaineolaithe

1. Féadfaidh Páirtí iarraidh i scríbhinn a thabhairt don Pháirtí eile maidir le cúnamh a fháil ó ghrúpa saineolaithe más rud é gur tugadh comhairliúcháin i gcrích agus nár thángthas ar aon réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach laistigh de 90 lá tar éis an iarraidh ar chomhairliúcháin a fháil. Ina iarraidh ar chúnamh ó ghrúpa saineolaithe, tabharfaidh an Páirtí tuairisc ar an ábhar atá i gceist agus ar an mbealach a ndéanann beart an Pháirtí eile dochar do thrádáil nó d'infheistíocht idir na Páirtithe.

2. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, beidh an grúpa saineolaithe comhdhéanta de thriúr saineolaithe. Rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile d'fhonn comhaontú a dhéanamh maidir leis na saineolaithe a bheidh ina mbaill den ghrúpa saineolaithe laistigh de 10 lá tar éis dháta fála na hiarrata i scríbhinn dá dtagraítear i mír 1. Chun na críche sin, ainmneoidh gach Páirtí saineolaí, a d'fhéadfadh a bheith ina náisiúnach den Pháirtí sin, agus molfaidh sé suas le triúr iarrthóirí le bheith ina chathaoirleach don Pháirtí eile. Féachfaidh na Páirtithe le teacht ar chomhaontú maidir leis an gcathaoirleach as na hiarrthóirí atá ag iarraidh a bheith ina gcathaoirligh. Féadfaidh Páirtí cur i gcoinne saineolaí arna ainmniú ag an bPáirtí eile, má mheasann sé nach gcomhlíonann an duine aonair na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 20. Chun críocha na míre seo, spreagtar na Páirtithe chun na saineolaithe a roghnú ón liosta dá dtagraítear in Airteagal 19.

3. Mura dtiocfaidh na Páirtithe ar chomhaontú maidir leis an ngrúpa saineolaithe laistigh den tréimhse a leagtar amach i mír 2, beidh feidhm ag an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 19.

4. Déanfaidh an grúpa saineolaithe na nósanna imeachta i gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha arna gcomhaontú ag na Páirtithe. Féadfaidh an Comhchoiste cinneadh a dhéanamh maidir leis na rialacha nós imeachta a mbeidh feidhm acu maidir le nósanna imeachta faoin Roinn seo.

AIRTEAGAL 19

Liosta Saineolaithe

Ag an gcéad chruinniú a bheidh ag an bhFochoiste in aghaidh Éilliú sa Trádáil agus san Infheistíocht tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, bunóidh sé liosta de naoi nduine aonair ar a laghad atá toilteanach agus atá in ann feidhmiú mar shaineolaithe. Beidh trí fholiosta sa liosta sin: foliosta amháin le haghaidh gach Páirtí agus foliosta amháin de na daoine aonair nach náisiúnaigh de cheachtar Páirtí iad agus atá ag iarraidh feidhmiú mar chathaoirleach. Molfaidh gach Páirtí triúr ar a laghad le haghaidh a fholiosta féin. Roghnóidh na Páirtithe triúr ar a laghad don liosta cathaoirleach freisin. Áiritheoidh an Fochoiste in aghaidh Éilliú sa Trádáil agus san Infheistíocht go gcoimeádfar an liosta cothrom le dáta agus nach mbeidh níos lú ná naonúr saineolaithe ar an liosta i gcónaí.

AIRTEAGAL 20

Cáilíochtaí na Saineolaithe

Beidh saineolas ag na saineolaithe i ndlí nó i gcleachtas na n- ábhar a chumhdaítear faoin bPrótacal seo nó i réiteach díospóidí a thagann chun cinn faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta. Ní mór dóibh a bheith neamhspleách, a bheith ag fónamh ina gcumas aonair agus gan treoracha a thógáil ó aon eagraíocht nó rialtas maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an díospóid, ná ní bheidh siad cleamhnaithe le rialtas aon cheann de na Páirtithe, agus comhlíonfaidh siad Iarscríbhinn 31- B (Cód Iompair maidir le Painéalaithe agus Idirghabhálaithe).

AIRTEAGAL 21

Tuairim na Saineolaithe

1. Rachaidh an grúpa saineolaithe i gcomhairle leis na Páirtithe, i gcomhpháirt nó go haonarach, de réir mar is iomchuí, d'fhonn cúnamh a thabhairt dóibh teacht ar réiteach a chomhaontófar ar bhonn frithpháirteach.

2. In ábhair a bhaineann leis na comhaontuithe idirnáisiúnta, Moltaí TFGA nó Prionsabail Ardleibhéil G20 dá dtagraítear sa Phrótacal seo, féadfaidh na saineolaithe, de réir mar is ábhartha agus tar éis fógra a thabhairt do na Páirtithe, faisnéis nó comhairle a lorg ó na heagraíochtaí nó na comhlachtaí ábhartha.

3. Mura dtiocfar ar réiteach a chomhaontófar ar bhonn frithpháirteach trí chomhairliúchán leis an ngrúpa saineolaithe laistigh de 90 lá tar éis an grúpa saineolaithe a chur le chéile, féadfaidh ceachtar Páirtí a iarraidh ar an ngrúpa saineolaithe tuairim a eisiúint in éineacht le réiteach molta.

4. Eiseoidh an grúpa saineolaithe a thuairim laistigh de 90 lá tar éis an iarraidh dá dtagraítear i mír 3 a fháil, lena leagfar amach torthaí fíoras, infheidhmeacht na bhforálacha ábhartha agus an bhunréasúnaíocht atá leis an réiteach a mholtar[3]. Cuirfidh gach Páirtí an tuairim ar fáil go poiblí go pras, tar éis don ghrúpa saineolaithe í a chur faoina bhráid, faoi réir cosaint faisnéise rúnda.

5. Pléifidh na Páirtithe bearta iomchuí a bheidh le cur chun feidhme chun na hábhair atá i gceist a réiteach, agus tuairim an ghrúpa saineolaithe á cur san áireamh, d’fhonn teacht ar réiteach a chomhaontófar ar bhonn frithpháirteach. Déanfaidh an Páirtí a chuirfidh na bearta chun feidhme an Páirtí eile a chur ar an eolas maidir le haon bheart atá curtha chun feidhme aige nó a bheartaíonn sé a chur chun feidhme, nó gníomhaíochtaí a rinne sé nó a bheartaíonn sé a dhéanamh, chun na hábhair atá i gceist a réiteach, tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis an tuairim a bheith eisithe. Déanfaidh na Páirtithe, de réir mar is iomchuí, comhairle a lorg ó na Grúpaí Comhairleacha Baile maidir le cur chun feidhme na mbeart sin.

---

[3] Le tuairimí agus réitigh an ghrúpa saineolaithe ní chruthófar aon cheart ná oibleagáid le haghaidh daoine nádúrtha ná daoine dlítheanacha.

6. Déanfaidh an Fochoiste in aghaidh Éilliú sa Trádáil agus san Infheistíocht faireachán ar na bearta leantacha i leith thuairim an ghrúpa saineolaithe agus i leith an réitigh a mholtar inti. Féadfaidh na Grúpaí Comhairleacha Baile barúlacha a chur faoi bhráid an Fhochoiste in aghaidh Éilliú sa Trádáil agus san Infheistíocht ina leith sin.

## AIRTEAGAL 22

### Athbhreithniú

1. Chun cur chun feidhme éifeachtach an Phrótacail seo a fheabhsú, pléifidh na Páirtithe, trí chruinnithe an Fhochoiste in aghaidh Éilliú sa Trádáil agus san Infheistíocht, feidhmiú na bhforálacha um réiteach díospóidí agus na bhforálacha institiúideacha a leagtar amach i Ranna E agus F, lena n- áirítear athbhreithniú féideartha ar a n- éifeachtacht, agus an taithí a fuarthas tríd an bPrótacal seo a chur chun feidhme, forbairtí beartais i ngach Páirtí, forbairtí i gcomhaontuithe idirnáisiúnta agus tuairimí a chuirfidh páirtithe leasmhara i láthair á gcur san áireamh, i measc nithe eile.

2. Féadfaidh an Fochoiste in aghaidh Éilliú sa Trádáil agus san Infheistíocht modhnuithe ar fhorálacha ábhartha an Phrótacail seo a mholadh don Chomhchoiste lena léireofar torthaí na bpléití dá dtagraítear i mír 1 a ghlacfar i gcomhréir leis an nós imeachta um leasú a bhunaítear le hAirteagal 2.4 (Leasú) de Chuid IV den Chomhaontú seo.

ROINN F

Socruithe Institiúideacha

AIRTEAGAL 23

An Fochoiste in aghaidh Éilliú sa Trádáil agus san Infheistíocht

1. Leis seo bunaíonn na Páirtithe Fochoiste in aghaidh Éilliú sa Trádáil agus san Infheistíocht. Beidh sé comhdhéanta d'ionadaithe ó gach Páirtí, a mbeidh freagracht orthu in ábhair a bhaineann leis an éilliú a chosc agus a chomhrac, agus na saincheisteanna sonracha a dtabharfar aghaidh orthu ag aon seisiún ar leith á gcur san áireamh.

2. Tiocfaidh an Fochoiste in aghaidh Éilliú sa Trádáil agus san Infheistíocht le chéile laistigh de 1 bhliain amháin ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, agus ina dhiaidh sin de réir mar a chomhaontóidh na Páirtithe ar bhonn frithpháirteach.

3. Is iad seo a leanas feidhmeanna an Fhochoiste in aghaidh Éilliú sa Trádáil agus san Infheistíocht:

(a) éascaíocht agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach an Phrótacail seo agus aon deacracht a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn a chur chun feidhme a phlé;

(b) comhar a chur chun cinn idir na Páirtithe ar ábhair a chumhdaítear leis an bPrótacal seo, chomh maith le malartú faisnéise a chur chun cinn maidir le forbairtí i bhfóraim neamhrialtasacha, réigiúnacha agus iltaobhacha i ndáil le hábhair a chumhdaítear leis an bPrótacal seo;

(c) tionscnaimh a shainaithint nó a phlé ar ábhair a chumhdaítear leis an bPrótacal seo, ar tionscnaimh iad a thairbheodh de chomhar déthaobhach níos fearr; agus

(d) feabhsuithe féideartha ar an bPrótacal seo a shainaithint nó a phlé.

4. Ainmneoidh gach Páirtí pointe teagmhála chun cumarsáid agus comhordú idir na Páirtithe a éascú ar ábhair a bhaineann le cur chun feidhme an Phrótacail seo agus tabharfaidh sé a mhionsonraí teagmhála don Pháirtí eile. Tabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile go pras faoi aon athrú ar na sonraí teagmhála sin.

Á FHIANÚ SIN tá na Lánchumhachtaigh thíos- sínithe, agus iad údaraithe go cuí chuige sin, tar éis an Comhaontú seo a shíniú.

Arna dhéanamh i/sa …, an … lá de … sa bhliain …,

Thar ceann Ríocht na Beilge,

Thar ceann Phoblacht na Bulgáire,

Thar ceann Phoblacht na Seice,

Thar ceann Ríocht na Danmhairge,

Thar ceann Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine,

Thar ceann Phoblacht na hEastóine,

Thar ceann na hÉireann,

Thar ceann na Poblachta Heilléanaí,

Thar ceann Ríocht na Spáinne,

Thar ceann Phoblacht na Fraince,

Thar ceann Phoblacht na Cróite,

Thar ceann Phoblacht na hIodáile,

Thar ceann Phoblacht na Cipire,

Thar ceann Phoblacht na Laitvia,

Thar ceann Phoblacht na Liotuáine,

Thar ceann Ard- Diúcacht Lucsamburg,

Thar ceann na hUngáire,

Thar ceann Phoblacht Málta,

Thar ceann Ríocht na hÍsiltíre,

Thar ceann Phoblacht na hOstaire,

Thar ceann Phoblacht na Polainne,

Thar ceann Phoblacht na Portaingéile,

Thar ceann na Rómáine,

Thar ceann Phoblacht na Slóivéine,

Thar ceann Phoblacht na Slóvaice,

Thar ceann Phoblacht na Fionlainne,

Thar ceann Ríocht na Sualainne,

Thar ceann an Aontais Eorpaigh

Thar ceann Stáit Aontaithe Mheicsiceo